Ceartúchán ar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 347 Eagrán Speisialta Gaeilge, an 20 Nollaig 2013)

Leathanach 551, an tríú habairt d'aithris (11):

in ionad: "Sa deireadh thiar, ba cheart go gcumhdófaí leis an gcóras sin na ceanglais a fhochuirtear thairbhithe mar a shainíonn na Ballstáit iad le forálacha sonracha Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) a chur chun feidhme, go háirithe comhlíonadh na bprionsabal ginearálta …

([2]) Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat le haghaidh gníomhaíochta Comhphobail sa réimse beartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1.).
([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).";

léitear: "Ba cheart go gcumhdófaí leis an gcóras sin freisin na ceanglais a fhorchuireann na Ballstáit ar thairbhithe chun forálacha sonracha Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus chun Airteagal 55 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) a chur chun feidhme, go háirithe ceanglais maidir le comhlíonadh na bprionsabal ginearálta …

([2]) Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat le haghaidh gníomhaíochta Comhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1.).
([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).".

Leathanach 553, aithris 26:

in ionad: "(26) Cé is moite de réamh-mhaoiniú, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir íocaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún leis na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe. Ba cheart íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíocht iarmhéideanna, agus rialacha maidir lena n-íocaíocht a shocrú. Ba cheart do riail an tsaortha uathoibríoch cuidiú le cur i bhfeidhm na gclár a bhrostú agus cuidiú le bainistiú fónta airgeadais. Leis na rialacha ar chreataí náisiúnta Ballstát ag a bhfuil cláir réigiúnacha mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) iad, déantar foráil freisin d'uirlis do Bhallstáit le feidhmiú agus bainistiú fónta airgeadais a áirithiú.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 (Féach leathanach 487 den Iris Oifigiúil seo).";

léitear: "(26) Cé is moite de réamh-mhaoiniú, is gá idirdhealú a dhéanamh idir íocaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún leis na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe, íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíocht iarmhéideanna, agus rialacha mionsonraithe maidir lena n-íocaíocht a shocrú. Ba cheart do riail an tsaortha uathoibríoch cuidiú le cur i bhfeidhm na gclár a bhrostú agus cuidiú le bainistiú fónta airgeadais. Leis na rialacha ar chreataí náisiúnta Ballstát ag a bhfuil cláir réigiúnacha mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) iad, déantar uirlis a chur ar fáil do Bhallstáit freisin le feidhmiú agus bainistiú fónta airgeadais a áirithiú.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 (Féach leathanach 487 den Iris Oifigiúil seo).".

Leathanach 560, Aithris 89, an cúigiú go dtí an seachtú líne:

in ionad: "…, ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir leis an méid seo a leanas: na nósanna imeachta chun an creidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí comhordaithe a eisiúint agus a aistarraingt, …";

léitear: "…, ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir leis an méid seo a leanas: na nósanna imeachta chun creidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí comhordaithe a eisiúint, a athbhreithniú agus a aistarraingt, …".

Leathanach 560, Aithris 89, an abairt dheireanach agus an fonóta a ghabhann léi:

in ionad: "Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEoroa agus ón gComhairle ([1]).

([1]) Regulation (EU) No 182/2011 of the European Parliament and of the Council of 16 Feabhra 2011 laying down the rules and general principles concerning mechanisms for control by Member States of the Commission's exercise of implementing powers (OJ L 55, 28.2.2011, p. 13).";

léitear: "Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).".

Leathanach 561, Aithris 98:

in ionad: "… na gníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme ag na Ballstáit chun cosc a chur le húsáid neamhdhleathach sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint, tásca geografach faoi chosaint agus téarmaí traidisiúnta faoi chosaint; na seiceálacha agus fíorú atá le déanamh ag na Ballstáit, lena n-áirítear tástáil;";

léitear: "… na gníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme ag na Ballstáit chun cosc a chur le húsáid neamhdhleathach ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, tásc geografach faoi chosaint agus téarmaí traidisiúnta faoi chosaint; na seiceálacha agus fíorú atá le déanamh ag na Ballstáit, lena n-áirítear tástáil;".

Leathanach 562, Aithris 104, an chéad abairt:

in ionad: "Ós rud é go mbeidh an tréimhse cláraithe le haghaidh clár forbartha tuaithe a mhaoinítear ar bhonn an Rialacháin seo ar siúl ón 1 Eanáir 2014, ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo amhail ón dáta sin.";

léitear: "Ós rud é go mbeidh an chlárthréimhse le haghaidh clár forbartha tuaithe a mhaoinítear ar bhonn an Rialacháin seo ar siúl ón 1 Eanáir 2014, ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo amhail ón dáta sin.".

Leathanach 563, Airteagal 4(1)(d):

in ionad: "(d) ranníocaíocht airgeadais an Aontais le Scéim Torthaí agus Glasraí do Scoileanna dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 an Aontais agus leis na bearta maidir le galair ainmhithe agus laghdú ar mhuinín na dtomhaltóirí dá dtagraítear in Airteagal 155 den Rialachán sin.";

léitear: "(d) ranníocaíocht airgeadais an Aontais le Scéim Torthaí agus Glasraí Scoile an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 an Aontais agus leis na bearta maidir le galair ainmhithe agus laghdú ar mhuinín tomhaltóirí dá dtagraítear in Airteagal 220 den Rialachán sin.".

Leathanach 565, Airteagal 8(2)(a):

in ionad: "(a) na nósanna imeachta chun an creidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí comhordaithe a eisiúint agus a aistarraingt, …";

léitear: "(a) na nósanna imeachta chun creidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí comhordaithe a eisiúint, a athbhreithniú agus a aistarraingt, …".

Leathanach 570, Airteagal 35(1), an chéad abairt:

in ionad: "I ndiaidh chinneadh an Choimisiúin lena bhformheastar an clár forbartha tuaithe, íocfaidh an Coimisiún méid réamh-mhaoinithe tosaigh le haghaidh na tréimhse clárúcháin ar fad don Bhallstát.";

léitear: "I ndiaidh chinneadh an Choimisiúin lena bhformheastar an clár forbartha tuaithe, íocfaidh an Coimisiún méid réamh-mhaoinithe tosaigh le haghaidh na clárthréimhse ar fad don Bhallstát.".

Leathanach 580, Airteagal 62(2)(e):

in ionad: "(e) maidir le cnáib dá dtagraítear in Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh 1307/2013, rialacha maidir le bearta sonracha rialaithe agus modhanna chun leibhéil teitrihidreacannaibionóil a chinneadh;";

léitear: "(e) maidir le cnáib dá dtagraítear in Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, rialacha maidir le bearta sonracha rialaithe agus modhanna chun leibhéil teitrihidreacannaibionóil a chinneadh;".

Leathanach 583, Airteagal 67(4)(b):

in ionad: "(b) ciallaíonn 'íocaíocht dhíreach a bhaineann le limistéar' scéim na híocaíochta bunúsaí, an scéim íocaíochta aonair limistéir agus an íocaíocht athdháilte dá dtagraítear i gCaibidil 1 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh 1307/2013, …"

léitear: "(b) ciallaíonn "íocaíocht dhíreach a bhaineann le limistéar" scéim na híocaíochta bunúsaí, an scéim íocaíochta aonair limistéir agus an íocaíocht athdháilte dá dtagraítear i gCaibidil 1 agus i gCaibidil 2 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, …"

Leathanach 591, Airteagal 90, an teideal:

in ionad: "Seiceálacha maidir le sonrúchán tionscnaimh agus le tásca geografacha agus le téarmaí traidisiúnta faoi chosaint";

léitear: "Seiceálacha maidir le hainmniúchán tionscnaimh agus le tásca geografacha agus le téarmaí traidisiúnta faoi chosaint".

Leathanach 591, Airteagal 90 (1):

in ionad: "1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun deireadh a chur le húsáid neamhdhleathach sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint, tásc geografach faoi chosaint agus téarmaí traidisiúnta faoi chosaint dá dtagraítear i Rialachán AE Uimh. 1308/2013.";

léitear: "1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun deireadh a chur le húsáid neamhdhleathach ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, tásc geografach faoi chosaint agus téarmaí traidisiúnta faoi chosaint dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.".

Leathanach 591, Airteagal 90(4)(c):

in ionad: "(c) na gníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme ag na Ballstáit chun cosc a chur ar úsáid neamhdhleathach sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint, tásca geografach faoi chosaint agus téarmaí traidisiúnta faoi chosaint;";

léitear: "(c) na gníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme ag na Ballstáit chun cosc a chur ar úsáid neamhdhleathach ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, tásc geografach faoi chosaint agus téarmaí traidisiúnta faoi chosaint;".

Leathanach 599, Airteagal 116(1), an dara mir:

in ionad: "1. Chun críoch Airteagail 15, 58, 62, 63, 64, 65, 66, 75, 77, 78, 89, 90, 96, 101 agus 104, i ndáil le hábhair a bhaineann le híocaíochtaí díreacha, forbairt tuaithe nó comheagraíocht na margaí, féadfaidh an Coiste um Íocaíochtaí Díreacha, an Coiste um Fhorbairt Tuaithe agus/nó an Coiste um Chomheagraíocht na Margaí Talmhaíochta…";

léitear: "1. Chun críoch Airteagail 15, 58, 62, 63, 64, 65, 66, 75, 77, 78, 89, 90, 96, 101 agus 104, i ndáil le hábhair a bhaineann le híocaíochtaí díreacha, forbairt tuaithe nó comheagrú na margaí, féadfaidh an Coiste um Íocaíochtaí Díreacha, an Coiste um Fhorbairt Tuaithe agus/nó an Coiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta …".

Leathanach 600, Airteagal 120:

in ionad: "Chun aistriú rianúil a áirithiú ó na socruithe dá bhforáiltear sna Rialacháin aisghairithe dá dtagraítear in Airteagal 118 chuig na socruithe a leagtar síos sa Rialachán seo, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 maidir leis na cásanna ina bhféadfaidh feidhm a bheith ag maoluithe ó na rialacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo.";

léitear: "Chun aistriú rianúil a áirithiú ó na socruithe dá bhforáiltear sna Rialacháin aisghairithe dá dtagraítear in Airteagal 119 chuig na socruithe a leagtar síos sa Rialachán seo, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 115 maidir leis na cásanna ina bhféadfaidh feidhm a bheith ag maoluithe ó na rialacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo, agus ag breisithe ar na rialacha sin.".